

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**  
**TUAIRISC**

**SN Rónáin**  
**An Trá Bháin, Leitir Móir, Co.na Gaillimhe**  
**Uimhir rolla: 14724V**

**Dáta na cigireachta: 8 Aibreán 2011**



**AN ROINN | DEPARTMENT OF**  
**OIDEACHAIS | EDUCATION**  
**AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

## 1. Réamhrá

Is scoil Ghaeltachta beirt oidí í SN Rónáin suite i mbaile na Trá Báine ar chósta thiar theas oileáin Gharumna. Tá Gaeilge líofa ag na ndaltaí ag teacht chun na scoile. Tógadh an scoil i 1962 le díon cothrom uirthi agus tá athchóiriú iomlán ag teastáil ón bhfoirgneamh anois. Tá clós beag ar chúl na scoile agus páirc cluichíochta astro le hais na scoile a mbaineann pobal an cheantair agus an coláiste Gaeilge úsáid as freisin, taobh amuigh d'amanna scoile. Feidhmíonn an scoil le deontais agus comhordaitheoir faoin scéim míbhuntáiste DEIS (*Delivering Equality of Opportunity in Schools*). Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

## 2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Tá moladh tuillte ag an mbord bainistíochta, ag an bpríomhoide agus ag an bhfoireann as ucht an chláir oideachais cuimshitheach a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge sa scoil.
- Tá moladh tuillte ag na páirtithe freisin as ucht an bhéim atá á chur ar ardú caighdeán i litríocht agus uimhreas sa scoil faoi láthair.
- Tá cáilíocht bhainistiú acmhainní agus bhainistiú daltaí go han-mhaith. Tá atmaisféar dearfach cruthaitheach le mothú sa scoil agus tá féinmhuinín ard ag na daltaí.
- Tá cáilíocht na cumarsáide idir scoil agus baile go han-mhaith agus tá na tuismitheoirí sásta le hobair na scoile.
- Tá cáilíocht na féinmheastóireachta scoile go maith i gcoitinne. Tá tionchar na pleanála scoile le feiceáil in obair laethúil na scoile agus tá an dul chun cinn á mheas ag an bhfoireann go rialta.
- Tá caighdeán na múinteoireachta agus foghlama go maith. Baineann na múinteoirí feidhm thorthúil as réimse leathan éifeachtach de mhodhanna múinte agus d'acmhainní ina gcur chuige

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe den phlean scoile atá aitheanta sa tuairisc seo chun sár chleachtais i ngníomhú scoile a chinntiú. Moltar freisin plean bainistíochta caiteachais don athchóiriú scoile atá beartaithe a cheapadh, chun maoirseacht caiteachais a chinntiú.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibre múinteoirí tacaíochta foghlama agus acmhainne chun modúil forbartha pearsantachta dalta a fhí go foirmeálta san obair. Is gá freisin am a aithint do dhaltaí inniúla ina gclár ama chun difrealú curaclaim a threisiú.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige measúnaithe na scoile trí úsáid a bhaint as bogabhar anailíse na scúdaithe caighdeánaithe a húsáidtear. Moltar freisin feidhm a bhaint as teimpléid DEIS, chun treorú a dhéanamh ar straitéis ardú caighdeán na scoile.

### 3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tá cáilíocht na bainistíochta sa scoil seo go maith. Tá moladh tuillte ag an mbord as an dtacaíocht a thugtar don fhoireann scoile agus do pháirtithe eile chun ionad foghlama spreagúil a chruthú. Déantar dáileadh ciallmhar ar dhualgais, cinntítear smacht ar chaiteachas agus daingnítear pleananna agus polasaíthe na scoile.
- Tá gá le hathchóiriú iomlán a chur ar fhoirgnimh agus ar chlós na scoile agus tá airgead ceadaithe faoi scéim oibrítheacha samhraidh na Roinne Oideachais agus Scileanna chuige sin. Moltar don bord plean bainistíochta a cheapadh don athchóiriú scoile atá beartaithe.
- Is soláthar oideachas le ceart, cóir agus cothromaíocht do ghach dalta le misneach muinín agus mórtas, fíis oideachais na scoile seo. Oibrítear go díoghbháilte chun an fhís seo a bhaint amach. Is gá anois athbreithniú a dhéanamh ar chuid de na polasaithe scoile, polasaí iontrála daltaí agus uasgrádú scileanna foirme sa áireamh, d'fhonn iad a thabhairt suas chun dáta ó thaobh reachtaíochta agus sár chleachtais dhe.
- Tháinig an príomhoide buan chuig na cruinnithe éagsúla réamh mheastóireachta, cé go bhfuil sí ar shaoire máithreachais faoi láthair. Tá príomhoide tainisteach, ionadaí lán cháiilíthe agus foireann tacaíochta éifeachtúil sa scoil. Chothaíonn siad atmaisféar taitneamhach dúthlánach léinn agus cinntíonn siad dea-riar agus forás i ngníomhaíochtaí reatha scoile.
- Tá cáilíocht bhainistíú acmhainní go maith. Tá réimse leathan d'acmhainní ar fáil do gach rang agus baintear úsáid tioncharach astu. Is fiú infheistíocht leanúnach a dhéanamh i stoc leabhar leabharlainne agus i soláthar teicneolaíochta na scoile.
- Tá cáilíocht na cumarsáide idir scoil agus baile go maith. Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí sa scoil i rith na bliana chun oideachas a bpáistí a chíoradh agus bíonn cruinnithe foirmeálta eagraithe chun eolas taifeada a roinnt leo. Bhí sé soiléir ó cheistneoirí chuig na thuismitheoirí i rith na measúnaithe go bhfuil siad sásta le hobair na scoile agus le dul chun cinn a bpáistí.
- Tá cáilíocht bhainistíú daltaí go maith. Tá na daltaí béasach agus cuirteiseach le cuairteoirí agus le chéile agus tá siad spreagtha ag an obair scoile.

### 4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá cáilíocht an phróisis pleanála go maith. Tá réimse leathan de pholasaithe forbartha ag an bhfoireann le blianta anuas. Tá na polasaithe uile bunaithe ar chomhthéacs na scoile ach is gá dáta athbhreithnithe a luadh leo. Moltar anois rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chur chun cinn sa phróiseas athbhreithnithe pleanála.
- Tá moladh tuillte ag an bhfoireann as ucht an fheachtais forbartha caighdeáin sa litríocht agus uimhreas atá faoi lán tseoil faoi láthair. Is fiú an próiseas seo a chur faoin cur chuige aitheanta i scéim DEIS, na teimpléid cuí agus an bogábhar anailíse caighdeáin sna triallacha a úsáid sa phróiseas.
- Is inmholta freisin mar a fhítear daltaí le riachtanais speisialta isteach i gcroí lár na hoibre agus tá siad ag déanamh dul chun cinn an-mhaith dá réir.

## Polasaí agus nósanna imeachta um chaomhnú daltaí

- Thug údaráis na scoile fianaise go bhfuil, de réir Imlitir Bunscoile 0061/2006, glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí*. Tugadh fianaise freisin gur díriodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheoirí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhaill uile na foirne (na baill nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha faoi mar a éilíonn na treoirlínte.

## 5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí go maith sa scoil. Forbraítear scileanna na ndaltaí go leanúnach tríd an ábhar múinte. Glactar páirt i dtionscnaimh réigiúnacha agus náisiúnta go héifeachtúil chun suim na ndaltaí a threisiú agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chur chun cinn. Leagtar béim chuí ar chothú scileanna sa dá theanga agus ar fhorbairt fhoclóra i ngach ceacht. Moltar an fhoireann as ucht a ndúthracht san obair.
- Tá caighdeán agus líofacht na Gaeilge thar barr sa scoil. Tá stór leathan focal ag na daltaí agus iad ag díospóireacht go líofa faoi théamaí éagsúla. Tá an cruinneas agus an saibhreas teanga le moladh. Tá caighdeán na léitheoireachta agus scríbhneoireachta go han-mhaith freisin. Cuirtear béim ar chothú na scileanna macnaimh ard ord agus cothaítear tuiscint ar chomhréir agus scileanna cumarsáide sa phróiseas. Is fiú infheistíocht leanúnach a dhéanamh i stocleabhar leabharlainne agus i dteicneolaíocht an oideachais chun taithí scoile na daltaí a leathnú a thuilleadh fós.
- The quality of teaching and learning in English in the school is good. Varied and creative lessons were observed in all classrooms. Appropriate emphasis is placed on vocabulary development and communication skills, and an emphasis on phonics and rhymes supports early literacy skills. Big books and class novels are very well utilised and trips to the public library in An Cheathrú Rua are regularly organised for pupils. Language charts are effectively used, the whole-school plan for writing is implemented and continuous assessment of pupils' work is undertaken.
- *Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla go maith sa scoil. Sonraítear éagsúlacht agus cruthaitheacht sa cur i láthair i ngach seomra ranga. Leagtar béim chuí ar shaibhriú foclóra agus scileanna cumarsáide, cuirtear béim ar fhoghraíocht agus ar rannpháirtíocht le luath-scileanna léitheoireachta. Baintear feidhm an-mhaith as leabhair mhóra agus as úrscéalta ranga agus tugtar turais rialta chuig an leabharlann phoiblí lonnaithe sa Cheathrú Rua. Úsáidtear cairteacha teanga go héifeachtúil, leantar an plean scoile-uile don scríbhneoireacht agus déantar measúnú leanúnach ar obair na ndaltaí.*
- Tá cáilíocht an teagaisc sa Mhatamaitic go maith. Eagraítear clár struchtúrtha le béim ar obair mheabhrach, cluichí ríomhaireachta, réiteach fadhbanna agus forbairt téarmaíochta mar cleachtas rialta. Is inmholta an úsáid a bhaintear as ábhar coinchréideach, as an teicneolaíocht agus as timpeallacht na scoile chun tuiscint ar na coincheapa a threisiú. Cinntítear rannpháirtíocht iomlán na ndaltaí trí mhúinteoireacht foirne le linn spraoi le matamaitic.

- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna hAmharcealaíona go maith. Clúdaítear na snáithe curaclaim agus cuirtear béim ar chótháthú leis na gnéithe uile curaclaim. Is inmholta mar a fhítear deasláimhe agus na healaín traidisiúnta isteach sa chlár oibre. Tá na daltaí in ann plé agus díospóireacht a dhéanamh ar ábhar cruthaithe agus tugadh suntas don úsáid téarmaíochta, ceangal le gnéithe eile curaclaim agus ar an stór fhocal a húsáidíodh le linn na cainte.
- Tá scóip chun feabhais sa chur chuige meanúnaithe sa scoil. Baintear feidhm as trialacha caighdeánacha, measúnaithe díognóiseacha agus meanúnaithe neamhfhoirmiúla chun foirfeacht agus dul chun cinn na ndaltaí a mheas. Tá tús curtha le ainilís a dhéanamh ar thorthaí na trialacha caighdeánacha le bogábhar teicneolaíochta agus moltar na torthaí a úsáid chun an clár foghlama agus uas-ghrádú caighdeáin a threorú. Is fiú anois proifílí léinn na ndaltaí a cuimsiú agus torthaí na measúnaithe caighdeánacha a chnuasadh go leanúnach de réir ranga chun taifid gnóthachtáil daltaí aonair agus laigeachtaí scoile a aithint.

## **6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí**

- Tá polasaí comhionannais rochtana curtha chun cinn go torthúil sa scoil. Tá cáilíocht na dtorthaí foghlama agus dul chun cinn na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais go han-mhaith. Ullmhaítear clár léinn aonair do na daltaí le riachtanais ar leith. Bíonn oidí ranga, oidí tacaíochta foghlama/acmhainne, an cúntóir riachtanais agus tuismitheoirí na ndaltaí páirteach sa phróiseas. Moltar cóip den chlár léinn aonair a scaipeadh ar na tuismitheoirí le na mbaineann.
- Eagraítear múinteoireacht sa bhreis don Béarla agus Matamaitic sa scoil. Feidhmíonn an fhoireann um riachtanais speisialta go héifeachtach sna seomraí ranga príomhshrutha chomh maith leis na seomraí tacaíochtaí. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar chláracha oibre na múinteoirí tacaíochta foghlama/ acmhainne chun tacaíocht leanúnach a sholáthar do dhaltaí inniúla agus modúil bhreise ar chothú treallúsacht agus claoclú tréithe foghlama daltaí a chur sa chlár oibre.
- Freastalaíonn comhordaitheoir DEIS ar an scoil leath lá in aghaidh na seachtaine. Tá an-ghaol forbartha aici leis na páirtithe leasmhara agus tá clár aistriú daltaí chuig na meanscoileanna eagraithe do na tuismitheoirí agus daltaí faoi láthair. Moltar freisin na tionscnaimh ‘Spraio le Mata’ agus reading buddies atá eagraithe faoi láthair.